

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 9 Feabhra 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Raad van State – an Ísiltír) – Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid v S agus E, C v Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid

(Cás C-402/21 ⁽¹⁾, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid agus páirtithe eile (Ceart cónaithe oibrí de chuid na Tuirce a a tharraingt siar))

(Tarchur chun réamhrialú – Comhaontú Comhlachais idir CEE agus an Tuirc – Cinneadh Uimh. 1/80 – Airteagail 6 agus 7 – Náisiúnaigh de chuid na Tuirce atá lánpháirtithe i margadh saothair an Bhallstáit óstaigh agus ag a bhfuil ceart cónaithe coibhéiseach – Cinntí ó na húdaráis náisiúnta lena ndéantar ceart cónaithe náisiúnaigh de chuid na Tuirce a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu sa Bhallstát lena mbaineann le breis is 20 bliain a tharraingt siar ar an bhforas go bhfuil siad ina bhfíorbhagairt láithreach agus leorthromchúiseach do leas bunúsach na sochaí – Airteagal 13 – Foráil neamhghníomhaíochta – Airteagal 14 – Réasúnú – Forais beartais phoiblí)

(2023/C 112/03)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Raad van State

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid, E, C

Cosantóir: S, Staatssecretaris van Justitie agus Veiligheid

An chuid oibríochtúil

1) Maidir le hAirteagal 13 de Chinneadh Uimh. 1/80 ón gComhairle Comhlachais an 19 Meán Fómhair 1980 maidir le forbairt an chomhlachais idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Tuirc,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

is féidir le náisiúnaigh de chuid na Tuirce a bhfuil ina sealbhóirí ar na cearta dá dtagraítear in Airteagal 6 nó in Airteagal 7 den Chinneadh sin brath air.

2) Maidir le hAirteagal 14 de Chinneadh Uimh. 1/80,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

féadfaidh náisiúnaigh de chuid na Tuirce atá, dar le húdaráis náisiúnta inniúla an Bhallstáit lena mbaineann, ina bhfíorbhagairt láithreach agus leorthromchúiseach ar leas bunúsach na sochaí, brath ar Airteagal 13 den Chinneadh sin d'fhonn cur i gcoinne “srian nua” de réir bhrí na forála sin a bheadh curtha i bhfeidhm orthu lena gcuirtear ar chumas na n-údarás sin deireadh a chur lena gceart cónaithe ar fhorais an bheartais phoiblí. D'fhéadfaí bonn cirt a thabhairt lena leithéid de shrian trí Airteagal 14 den Chinneadh sin a chur i bhfeidhm, más rud é go bhfuil sé iomchuí d'fhonn a áirithiú go mbainfeadh amach an cuspóir atá á shaothrú maidir le cosaint an bheartais phoiblí agus nach rachaidh sé thar a bhfuil riachtanach chun é a bhaint amach.

⁽¹⁾ IO C 391, 27.9.2021